**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

**2018/0231(COD)**

4.12.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár don mhargadh aonair, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 258/2014, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) 2017/826

(COM(2018)0441 – C8-0254/2018 – 2018/0231(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Patrizia Toia

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta



Aontaithe san éagsúlacht

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Le blianta beaga anuas, tá dochar mór déanta ag an domhandú agus ag an ngéarchéim airgeadais ar thionscail agus gnólachtaí Eorpacha, go háirithe FMBanna. Tá méadú tagtha ar chastacht dúshlán agus deiseanna gnó agus tá an gá atá le nuálaíocht i bhfad níos práinní anois ná mar a bhí. Dá réir sin, tá gá anois le tacaíocht ón Aontas don fhiontraíocht, do bhearta chun aistriú teicneolaíochta agus eagrúcháin a chur chun cinn, agus do rochtain ar chreidmheas agus do sholáthar cistiúcháin. Tá sé ag éirí níos práinní i rith an ama timpeallacht a chruthú lena n-éascófaí tionscnaimh réamhbhreathnaitheacha ar féidir leo an staid nua eacnamaíoch mar atá a láimhseáil agus aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a ghabhann le margadh atá ag éirí níos domhanda. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin má bhíonn na hinstitiúidí toilteanach meon comhoibríoch a ghlacadh, agus a gcuid eolais agus acmhainní a chur le chéile chun cuidiú le gréasán speisialaithe a chruthú d’fhiontraithe neamhspleácha.

Tá sé tábhachtach freisin, smaointe fónta gnó a roghnú agus treochláir a tharraingt suas i gcomhar le fiontraithe a bheidh ann amach anseo agus a bheith ag iarraidh bonn a dhéanamh sna margaí nua. Ba cheart gréasán tacaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta a chruthú ar an leibhéal réigiúnacha i bhfoirm cúrsaí oiliúna agus seirbhísí saincheaptha a gheobhaidh tacaíocht ó straitéisí an-éifeachtacha cúnaimh teicniúil.

Is díol sásaimh don rapóirtéir, dá bhrí sin, a thabhairt dá haire go leanfar le clár COSME reatha laistigh den chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Tacaíonn Parlaimint na hEorpa agus go háirithe a Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) go hiomlán le bearta chun cuidiú le FMBanna san AE, atá ag iarraidh borradh a chur faoin iomaíochas, trí bhacainní a bhaint den mhargadh agus rochtain ar mhaoiniú a éascú. Chuige sin, is amhlaidh gur éirigh le clár COSME mar thionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh, ar tionscnamh é ar an-mhór ag FMBanna é (mar a deimhníodh sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún). Cé gur féidir leis an Rapóirtéir a thuiscint an gá atá le cláir a chumasc, is ábhar díomá di cinneadh an Choimisiúin na cláir sin atá de chineálacha an-éagsúil a chur le chéile faoi aon cheannteideal amháin, ós rud é go ndéanann sé sin infheictheacht thionscnamh COSME a laghdú go suntasach agus go mbaineann sé sin d’ábhar na mbeart atá le cistiú i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann cheana.

Mar thoradh air sin, tá roinnt leasuithe ar an Rialachán á gcur chun cinn mar iarracht na bearnaí idir na forálacha atá ann cheana agus iad sin a mholtar a líonadh agus chun COSME a mhéadú agus a fheabhsú. Áirítear orthu sin bearta chun:

• cur le próifíl chlár COSME i gcásanna inarb iomchuí;
• forbairt a dhéanamh ar na tionscnaimh FMB atá incháilithe le haghaidh cistiúcháin;
• coincheap an inbhuanaithe a athbhunú do FMBanna;
• gréasáin ghnó a chur chun cinn, a mbeidh sé ar cheann de na haidhmeanna acu a chur ar chumas micrifhiontar a bheith ag iomaíocht sa mhargadh;
• béim a chur ar ghrúpaí áirithe amhail fiontraithe óga agus mná óga a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu chun cultúr fiontraíochta a fhorbairt;
• tacú le tionscnaimh in earnálacha amhail earnáil na turasóireachta ina bhfuil cion ard FBManna agus a rannchuidíonn go suntasach le OTI an Aontais.

• méadú a dhéanamh ar bhuiséad an chláir i gcomhréir leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Bealtaine 2018 maidir le 'creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus acmhainní dílse' agus uasteorannacha buiséid a fhorchur ar chaiteachas riaracháin;
• forbairt a dhéanamh ar ról an Líonra Fiontar Eorpach mar ionaid ilfhreastail do sheirbhísí tacaíochta agus, ag an am céanna, táscairí agus caighdeáin íosta líonra a thabhairt isteach.

Ba mhian leis an Rapóirtéir béim a leagan ar an iolrachas gan fasach a bhaineann le saol nua-aimseartha an ghnó, ó chomhlachtaí ar follasach go bhfuil siad margadh-dhírithe go heagraíochtaí neamhbhrabúsacha. Ba mhian leis an Rapóirtéir, dá bhrí sin, go gcumhdódh an clár roinnt gnóthas sa gheilleagar sóisialta atá, de bharr a nádúir féin, incháilithe mar FMBanna agus, ag an am céanna, ar féidir leo samhlacha nua agus úrnua gnó agus eacnamaíochta a athcheapadh. Tá sé léirithe acu go bhfuil siad níos athléimní ná gnólachtaí traidisiunta a bhuí lena fréamhacha áitiúla agus leis a tosaíocht a thugtar don fhostaíocht. Tá sé bunriachtanach, dá bhrí sin, tacú le samhlacha nua gnó amhail scéimeanna maidir le ceannach thar barr amach ag oibrithe (éadáil cuideachta ag a fostaithe), agus é á chur san áireamh go bhfuil gnóthais sa gheilleagar sóisialta ag cur an gheilleagair líonra i gcomhthéacs atá go hiomlán nua.

Tá sé tábhachtach freisin go n-áireofaí sa chlár fiontair bheaga seirbhíse poiblí áitiúla a chomhlíonann critéir FMB agus, ag an am céanna, a rannchuidíonn ar bhealach tábhachtach leis an bpobal.

Measann an Rapóirtéir gur gá an reachtaíocht maidir le FMBanna a dhéanamh níos soiléire agus níos fusa a thuiscint. Tá roinnt leasuithe curtha síos dá réir sin chun soiléiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a leanann an Coimisiún Eorpach le haghaidh deontais a dhámhachtain faoin Rialachas Airgeadais.

Cé go ndéantar scrúdú sa togra ar na coinníollacha incháilitheachta do FMBanna tríú tír, ba mhian leis an Rapóirtéir a chur i dtreis gur cheart don chlár díriú go príomha ar chuideachtaí AE, mar aon le tacú le FMBanna AE-bhunaithe atá ag iarraidh bonn a dhéanamh i margaí tríú tír.

Tá an liosta de na táscairí um mheasúnú clár atá beartaithe ródhoiléir agus ní dhéanfaidís ach fíorbheagán léargais a thabhairt ar éifeachtacht COSME. Tá an Rapóirtéir ag iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí isteach táscairí nua lena ndéanfaí faisnéis luachmhar a chur ar fáil gan barraíocht rómhaorlathais a chruthú.

Ar deireadh, tá sé bunriachtanach go dtiocfadh an clár go maith le bearta tacaíochta eile a thacaíonn le FMBanna agus atá ceaptha mar chuid den cholún tionsclaíochta agus nuálaíochta, go háirithe clár InvestEU, a chumhdaíonn ionstraimí airgeadais do FMBanna atá ina gcuid de chlár COSME faoi láthair agus Ionstraim FBM atá ina cuid de Chlár Fís um Thaighde.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is bunchloch de chuid an Aontais é an margadh inmheánach. Ó cuireadh ar bun é, chuir sé go mór leis an bhfás, leis an iomaíochas agus leis an bhfostaíocht. A bhuí leis an margadh inmheánach, cuireadh deiseanna nua agus barainneachtaí scála nua ar fáil do ghnólachtaí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus neartaíodh a n-iomaíochas tionsclaíoch. Leis an margadh inmheánach, cabhraíodh poist a chruthú agus ba mhó, dá bharr, an rogha ar phraghsanna ní b'ísle a cuireadh ar fáil. Leanann an margadh inmheánach de bheith ina spreagadh chun geilleagar níos láidre, níos cothroime agus níos córa a chur ar bun. Is ceann de mhóréachtaí an Aontais é agus tá sé ar an acmhainn is láidre atá aige i ngeilleagar atá níos domhandaithe anois ná riamh. | (1) Is bunchloch de chuid an Aontais é an margadh inmheánach. Ó cuireadh ar bun é, chuir sé go mór leis an bhfás***, leis an bhforbairt eacnamaíoch, leis an rathúnas***, leis an iomaíochas agus leis an bhfostaíocht. Tá deiseanna nua agus barainneachtaí scála nua curtha ar fáil leis do ghnólachtaí Eorpacha, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ***braislí agus líonraí fiontar agus cuibhreannais cuideachtaí,*** agus tá a n-iomaíochas tionsclaíoch neartaithe leis***, agus bhí sé mar aidhm leis freisin an slabhra luacha a chruthú agus a threisiú i gcásanna ina bhfuil gnólachtaí rannpháirteach i ngach gné den phróiseas***. Leis an margadh inmheánach, cabhraíodh poist a chruthú agus ba mhó, dá bharr, an rogha ar phraghsanna ní b'ísle a cuireadh ar fáil. Leanann an margadh inmheánach de bheith ina spreagadh chun ***fás eacnamaíoch a áirithiú agus chun*** geilleagar a bheidh ***inbhuanaithe,*** níos láidre, níos cothroime ***agus níos trédhearcaí, níos cuimsithí*** agus níos córa a chur ar bun. Is ceann de mhóréachtaí an Aontais é agus tá sé ar an acmhainn is láidre atá aige i ngeilleagar atá níos domhandaithe anois ná riamh ***agus is gné lárnach é maidir le baint amach rathúil aistriú an gheilleagair go geilleagar inbhuanaithe atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní agus fuinnimh de***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) De thoradh na réabhlóide digití agus an domhandaithe, ní mór don mhargadh inmheánach oiriúnú, ar bhonn leanúnach, do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. I ngeall ar ré nua na nuálaíochta digití, ***leantar de*** dheiseanna a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair agus de tháirgí ***nua*** agus samhlacha ***nua*** gnó ***a chruthú*** ach, san am céanna, is dúshlán é ***ó thaobh*** an rialaithe agus an fhorfheidhmithe de. | (2) De thoradh na réabhlóide digití***, an mhaolaithe ar an athrú aeráide*** agus an domhandaithe, ní mór don mhargadh inmheánach oiriúnú, ar bhonn leanúnach, do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. I ngeall ar ré nua na nuálaíochta digití ***agus samhlacha nua comhoibríocha gnó***, leantar de dheiseanna a chur ar fáil do ghnólachtaí***, d'fhostaithe*** agus do dhaoine aonair, de tháirgí ***nua, seirbhísí nua*** agus samhlacha ***nua*** gnó atá ***inbhuanaithe agus níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní agus fuinnimh de*** a chruthú ach, san am céanna, is ***deis agus*** dúshlán é ***don lucht saothair, don iomaíochas gnó agus ó thaobh*** an rialaithe agus an fhorfheidhmithe de. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) D'ainneoin sin, is ann fós do bhacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus tá constaicí nua ag teacht chun cinn. Níl i nglacadh rialacha ach an chéad chéim, ach tá sé chomh tábhachtach céanna iad a chur ag feidhmiú. Sa deireadh, ***baineann sé sin leis*** an iontaoibh atá ag saoránaigh san Aontas, ina acmhainneacht beart a dhéanamh de réir a bhriathair agus ina chumas poist agus fás a chruthú agus, san am céanna, leas an phobail a chosaint. | (4) D'ainneoin sin, is ann fós do bhacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus tá constaicí nua ag teacht chun cinn. Níl i nglacadh rialacha ach an chéad chéim, ach tá sé chomh tábhachtach céanna iad a chur ag feidhmiú. Sa deireadh, ***ciallaíonn*** sé sin na ***coinníollacha fónta a chruthú*** chun iontaoibh ***a bhaint amach*** i measc saoránaigh san Aontas, ina acmhainneacht beart a dhéanamh de réir a bhriathair, agus in***a*** chumas poist ***ardcháilíochta*** agus fás ***inbhuanaithe*** a chruthú agus, san am céanna, leas an phobail a chosaint. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is ann cheana féin do roinnt clár gníomhaíochta de chuid an Aontais in earnáil an iomaíochais i dtaca le fiontair, lena n-áirítear FBManna, cosaint tomhaltóirí, custaiméirí agus úsáideoirí deiridh i seirbhísí airgeadais, ceapadh beartais i seirbhísí airgeadais agus an biashlabhra. Maoinítear go díreach roinnt gníomhaíochtaí breise faoi línte buiséid an mhargaidh inmheánaigh. Is gá sineirgíochtaí idir na gníomhaíochtaí éagsúla a chuíchóiriú ***agus*** a úsáid agus creat níos solúbtha a sholáthar chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú arb é is aidhm dóibh margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a bhaint amach ***ar an mbealach is éifeachtúla is féidir ó thaobh costas de***. Dá bhrí sin, ní mór clár nua a chur ar bun lena dtugtar le chéile gníomhaíochtaí a maoiníodh roimhe seo faoi na cláir eile sin agus faoi línte ábhartha eile buiséid. Chomh maith leis sin, ba cheart tionscnaimh nua a áireamh sa Chlár arb é is aidhm dóibh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. | (5) Is ann cheana féin do roinnt clár gníomhaíochta de chuid an Aontais in earnáil an iomaíochais i dtaca le fiontair, lena n-áirítear FBManna, cosaint tomhaltóirí, custaiméirí agus úsáideoirí deiridh i seirbhísí airgeadais, ceapadh beartais i seirbhísí airgeadais agus an biashlabhra. Maoinítear go díreach roinnt gníomhaíochtaí breise faoi línte buiséid an mhargaidh inmheánaigh. Is gá sineirgí ***agus comhlántachtaí*** idir na gníomhaíochtaí éagsúla a chuíchóiriú agus a úsáid***, rud a chruthóidh breisluach trí bhreisíocht a fheabhsú,*** agus creat níos solúbtha a sholáthar chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú arb é is aidhm dóibh margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a bhaint amach***, ar margadh inmheánach é a bheidh éifeachtúil, oiriúnach do thomhaltóirí agus lena ndéanfar gnéithe comhshaoil agus sóisialta a chur san áireamh***. Dá bhrí sin, ní mór clár nua a chur ar bun lena dtugtar le chéile gníomhaíochtaí a maoiníodh roimhe seo faoi na cláir eile sin agus faoi línte ábhartha eile buiséid. Chomh maith leis sin, ba cheart tionscnaimh nua a áireamh sa Chlár arb é is aidhm dóibh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Ba cheart don chlár breithniú a dhéanamh freisin ar bhreisluach an Aontais a bhaineann leis na hidirghabhálacha éagsúla, ar a n-éifeachtúlachta agus a dtorthaí, agus ar na dea-chleachtais ba cheart a chaomhnú agus a fheabhsú. Ba cheart a áireamh leis tionscnaimh nua arb é is aidhm leo*** |

***feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, cur le fás eacnamaíoch áitiúil agus idirghabháil a dhéanamh i gcás inarb ann do riosca an-ard go gclisfeadh ar an margadh.***

*Réasúnú*

*Ba cheart breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh nua i réimse na forbartha eacnamaíche i gcomhthéacs an Chláir.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is iomchuí, mar sin, clár a chur ar bun don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, ***lena n-áirítear*** fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach (an "Clár"). Ba cheart an Clár a chur ar bun ar feadh tréimhse seacht mbliana ó 2021 go 2027. | (7) Is iomchuí, mar sin, clár a chur ar bun don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas ***agus inbhuanaitheacht*** fiontar, ***agus aird ar leith á tabhairt ar*** fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ***braislí agus líonraí fiontar agus cuibhreannais cuideachtaí***, agus don staidreamh Eorpach (an 'Clár'). Ba cheart an Clár a chur ar bun ar feadh tréimhse seacht mbliana ó 2021 go 2027. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Leis an gClár, ba cheart go dtabharfaí cúnamh maidir le reachtaíocht de chuid an Aontais a cheapadh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, rud a thacódh le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Leis an gClár, ba cheart tacú le coinníollacha cearta a chruthú chun gníomhaithe uile an mhargaidh inmheánaigh a chumhachtú: ***gnólachtaí***, agus saoránaigh lena n-áirítear tomhaltóirí, | (8) Leis an gClár, ba cheart go dtabharfaí cúnamh maidir le reachtaíocht de chuid an Aontais a cheapadh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, rud a thacódh le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ***agus lena fheabhsú***. Leis an gClár, ba cheart tacú le coinníollacha cearta a chruthú chun gníomhaithe uile an mhargaidh inmheánaigh a chumhachtú: ***gnólachtaí, fostaithe,*** saoránaigh lena n- |

| | |
|---|---|
| an tsochaí shibhialta agus údaráis phoiblí. Chuige sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár iomaíochas gnólachtaí a áirithiú, go háirithe FBManna, ach, ina theannta sin, tacú le rialacha cosanta ***agus*** sábháilteachta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus feasacht gnólachtaí agus daoine aonair a ardú trí bhíthin uirlisí, eolas agus inniúlacht de réir mar is iomchuí a chur ar fáil dóibh chun go bhféadfaidís cinntí eolacha a dhéanamh agus cur lena rannpháirtíocht i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais. Anuas air sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár comhar rialála agus riaracháin a fheabhsú, go háirithe trí bhíthin dea-chleachtais a mhalartú, cur leis an mbonn eolais agus leis an mbonn inniúlachtaí, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as soláthar poiblí straitéiseach. Ba cheart freisin é a bheith mar aidhm ag an gClár cúnamh a thabhairt chun forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin idirnáisiúnta ardcháilíochta a thacaíonn le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme. Áirítear leis seo chomh maith caighdeáin a leagan síos in earnáil an tuairiscithe airgeadais agus iniúchóireachta agus, ar an dóigh sin, cur le trédhearcacht agus dea-fheidhmiú mhargaí caipitil an Aontais agus cosaint infheisteoirí a fheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart don Chlár tacú le déanamh rialacha agus caighdeáin a leagan síos trí bhíthin an rannpháirtíocht is mó is féidir a áirithiú i measc na bpáirtithe leasmhara. Is é is aidhm don Chlár freisin tacú le cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais lena soláthraítear leibhéal ard sláinte do dhaoine, ainmhithe agus plandaí ag gach céim den bhiashlabhra agus leas ainmhithe a fheabhsú. | áirítear tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta agus údaráis phoiblí***, rud a chuirfeadh le rath an chláir reatha le haghaidh Iomaíochais fiontar agus FBManna (COSME).*** Chuige sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár iomaíochas gnólachtaí a áirithiú, go háirithe FBManna, ach, ina theannta sin, ***trí*** thacú leis ***na cúinsí le haghaidh poist ardcháilíochta a chruthú, forbairt eacnamaíoch áitiúil,*** cosaint tomhaltóirí ***ardleibhéil,*** rialacha sábháilteachta ***mar aon le caighdeáin chomhshaoil*** a fhorfheidhmiú agus trí fheasacht gnólachtaí agus daoine aonair a ardú tríd an ***bhfaisnéis*** cheart, na huirlisí cearta, an ***oiliúint*** cheart, an t-eolas agus an inniúlacht cheart a chur ar fáil dóibh chun go bhféadfaidís cinntí eolacha a dhéanamh agus cur lena rannpháirtíocht i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais. Anuas air sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár comhar rialála agus riaracháin a fheabhsú, go háirithe trí bhíthin dea-chleachtais a mhalartú, cur leis an mbonn eolais agus leis an mbonn inniúlachtaí, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as soláthar poiblí straitéiseach ***agus an tacaíocht do na Lárionaid Eolais Dhigitigh***. Ba cheart freisin é a bheith mar aidhm ag an gClár cúnamh a thabhairt chun forbairt a dhéanamh ar chaighdeáin idirnáisiúnta ardcháilíochta a thacaíonn le reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme. Áirítear leis seo chomh maith caighdeáin a leagan síos in earnáil an tuairiscithe airgeadais agus iniúchóireachta agus, ar an dóigh sin, cur le trédhearcacht agus dea-fheidhmiú mhargaí caipitil an Aontais agus cosaint infheisteoirí a fheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart don Chlár tacú le déanamh rialacha agus caighdeáin a leagan síos trí bhíthin an rannpháirtíocht is mó is féidir a áirithiú i measc na bpáirtithe leasmhara. Is é is aidhm don Chlár freisin tacú le cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais lena soláthraítear leibhéal ard sláinte do dhaoine, ainmhithe agus plandaí ag gach céim den bhiashlabhra agus leas ainmhithe a |

fheabhsú.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Níor cheart leibhéal níos ísle soiléireachta agus trédhearcachta a bheith mar thoradh ar chumasú na gclár atá ann cheana. Ba cheart don Choimisiún Eorpach in éineacht leis na Ballstát a iarraidh faisnéis atá cruinn agus tráthúil a chur ar fáil maidir leis na cláir agus feasacht a ardú i measc na dtairbhithe féideartha.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Cuireann margadh inmheánach úrnua an iomaíocht chun cinn ***agus téann sé chun tairbhe*** do thomhaltóirí, gnólachtaí agus fostaithe. De thoradh úsáid níos fearr a bhaint as an margadh inmheánach do sheirbhísí, ar margadh é a bhíonn de shíor ag forbairt, ba cheart go dtabharfaí cúnamh do ghnólachtaí san Eoraip poist a chruthú agus fás thar theorainneacha, rogha níos leithne seirbhísí a sholáthar ar phraghsanna níos ísle, agus caighdeáin arda a choimeád do thomhaltóirí agus fostaithe. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú chun deireadh a chur le bacainní atá fós ann, agus creat rialála a áirithiú lenar féidir samhlacha gnó atá nuálach agus nua a chur san áireamh. | (9) Le margadh inmheánach nua-aimseartha, déantar an iomaíocht, ***seirbhísí ardcháilíochta atá chun tairbhe do*** thomhaltóirí ***agus*** do ghnólachtaí, agus ***dálaí oibre*** fostaithe a chur chun cinn. ***Cruthaítear timpeallacht leis atá fabhrach maidir le poist a chruthú agus áirithítear leis feidhmiú níos fearr seirbhísí ardcháilíochta ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne***. De thoradh úsáid níos fearr a bhaint as an margadh inmheánach do sheirbhísí, ar margadh é a bhíonn de shíor ag forbairt, ba cheart go dtabharfaí cúnamh do ghnólachtaí san Eoraip poist ***ardcháilíochta*** a chruthú agus fás thar theorainneacha, rogha níos leithne seirbhísí a sholáthar ar phraghsanna níos ísle, agus caighdeáin arda a choimeád do thomhaltóirí agus fostaithe. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart an Clár a bheith ina chuidiú chun deireadh a chur le |

| | |
|---|---|
| | bacainní atá fós ann, agus creat rialála a áirithiú lenar féidir samhlacha gnó atá nuálach agus nua a chur san áireamh***, i gcomhréir le hardleibhéal cosanta sóisialta lena n-áirítear d'fhiontraithe***. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Baineann dúshláin nua ó thaobh rialála agus forfheidhmithe de le timpeallacht na réabhlóide digití atá ag athrú go tapa, i gcás saincheisteanna amhail an cibearshlándáil, idirlíon na rudaí nithiúla agus an intleacht shaorga. I gcás díobhála, ní mór rialacha dochta maidir le sábháilteacht táirgí agus maidir le dliteanas i leith táirgí a bheith ann chun a áirithiú gur ann do bheartas lena dtugtar an deis do shaoránaigh Eorpacha, tomhaltóirí agus gnólachtaí san áireamh, tairbhiú de na rialacha sin. Ba cheart, mar sin, go gcuideodh an Clár córas de chuid an Aontais maidir le dliteanas i leith táirgí a ghlacadh go tapa agus a fhorfheidhmiú, ar córas é lena gcothaítear an nuálaíocht. | (11) Baineann dúshláin nua ó thaobh rialála agus forfheidhmithe de le timpeallacht na réabhlóide digití atá ag athrú go tapa, i gcás saincheisteanna amhail an cibearshlándáil, ***beartas príobháideachais agus cosaint sonraí,*** idirlíon na rudaí nithiúla nó an intleacht shaorga ***agus caighdeáin eiticiúla ghaolmhara***. ***Maidir leis an dúshlán casta sin, a bhfuil gnéithe teicneolaíochta, cultúrtha, eagraíochta agus sóisialta aige, ba cheart aghaidh a thabhairt air agus tacaíocht á fáil ó gach earnáil agus gníomhaí lena mbaineann.*** I gcás díobhála, ní mór rialacha dochta maidir le sábháilteacht táirgí agus maidir le dliteanas i leith táirgí a bheith ann chun a áirithiú gur ann do bheartas lena dtugtar an deis do shaoránaigh Eorpacha, tomhaltóirí agus gnólachtaí san áireamh, ***rochtain a dhéanamh ar an rialacha sin agus*** tairbhe a bhaint astu. Ba cheart, mar sin, go gcuideodh an Clár córas de chuid an Aontais maidir le dliteanas i leith táirgí a ghlacadh go tapa agus a fhorfheidhmiú, ar córas é lena gcothaítear an nuálaíocht. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (15) Baineann údaráis phoiblí úsáid as soláthar poiblí chun luach ar airgead poiblí a chaitear a áirithiú agus chun tacú le margadh inmheánach atá níos nuálaí, níos inbhuanaithe, níos cuimsithí agus níos iomaíche. Le Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] , Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], cuirtear ar fáil an creat dlíthiúil maidir le comhtháthú agus feidhmiú éifeachtach na margaí soláthair phoiblí arb iad 14 % d'olltáirgeacht intíre an Aontais iad, rud a théann chun sochair d'údaráis phoiblí, gnólachtaí agus saoránaigh, tomhaltóirí san áireamh. Leis an gClár, mar sin, ba cheart tacú le bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbainfí úsáid níos leithne as soláthar poiblí straitéiseach, go ndéanfaí ceannaitheoirí poiblí a ghairmiúlú, go dtabharfaí rochtain níos fearr do FBManna ar mhargaí soláthair, go gcuirfí le trédhearcacht, sláine agus cáilíocht sonraí, go spreagfaí digitiú an tsoláthair phoiblí agus cur chun cinn an tsoláthair chomhpháirtigh trí chur chuige comhpháirtíochta leis na Ballstáit a neartú, go bhfeabhsófaí an chaoi a ndéantar sonraí a bhailiú agus a anailísiú trí uirlisí tiomnaithe teicneolaíochta faisnéise a fhorbairt, go dtacófaí le malartú taithí agus dea-chleachtas, go gcuirfí treoir ar fáil, go ndéanfaí comhaontuithe trádála tairbhiúla a shaothrú, go neartófaí comhar idir údaráis náisiúnta agus go seolfaí treoirthionscadail. | (15) Baineann údaráis phoiblí úsáid as soláthar poiblí chun luach ar airgead poiblí a chaitear a áirithiú agus chun tacú le margadh inmheánach atá níos nuálaí, níos inbhuanaithe, níos cuimsithí agus níos iomaíche. Le Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49] , Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], cuirtear ar fáil an creat dlíthiúil maidir le comhtháthú agus feidhmiú éifeachtach na margaí soláthair phoiblí arb iad 14 % d'olltáirgeacht intíre an Aontais iad, rud a théann chun sochair d'údaráis phoiblí, gnólachtaí agus saoránaigh, tomhaltóirí san áireamh. ***Is féidir le húdaráis phoiblí, lena mbeartas soláthair, margaí d'earraí agus seirbhísí atá nuálach a chur ar bun agus a chothú.*** Leis an gClár, mar sin, ba cheart tacú le bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbainfí úsáid níos leithne as soláthar poiblí straitéiseach, go mbainfí úsáid ar bhealach níos córasaí as critéir chomhshaoil, shóisialta agus chóirthrádála agus conarthaí á ndámhachtain, go ndéanfaí ceannaitheoirí poiblí a ghairmiúlú, go dtabharfaí rochtain níos fearr do FBManna***, fiontair sa gheilleagar sóisialta agus líonraí d'eagraíochtaí gnó*** ar mhargaí soláthair, go gcuirfí le trédhearcacht, sláine agus cáilíocht sonraí, go spreagfaí digitiú an tsoláthair phoiblí agus cur chun cinn an tsoláthair chomhpháirtigh trí chur chuige comhpháirtíochta leis na Ballstáit a neartú, go bhfeabhsófaí an chaoi a ndéantar sonraí a bhailiú agus a anailísiú trí uirlisí tiomnaithe teicneolaíochta faisnéise a fhorbairt, go dtacófaí le malartú taithí agus dea-chleachtas, go gcuirfí treoir ar fáil, go ndéanfaí comhaontuithe trádála tairbhiúla a shaothrú, go neartófaí comhar idir údaráis náisiúnta agus go seolfaí treoirthionscadail. |

[49] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

[50] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

[51] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

[49] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

[50] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

[51] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Leis an gClár, ba cheart tacú le creat rialála de chuid an Aontais a fhorbairt sa réimse maidir le dlí na gcuideachtaí agus i réimse an rialachais chorparáidigh, mar aon le dlí na gconarthaí, d’fhonn gnólachtaí a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos iomaíche agus, san am céanna, cosaint a chur ar fáil do gheallsealbhóirí a ndéanann oibríochtaí cuideachta difear dóibh, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn ar cheart do bheartas dul i ngleic leo. Leis an gClár, ba cheart a áirithiú freisin go ndéanfaí meastóireacht iomchuí ar an acquis, ábhartha agus go ndéanfaí é a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach iomchuí, go gcuirfí geallsealbhóirí ar an eolas agus go gcuideofaí leo, agus go gcuirfí malartú faisnéise chun cinn sa réimse. Ba cheart | (17) Leis an gClár, ba cheart tacú le creat rialála de chuid an Aontais a fhorbairt sa réimse maidir le dlí na gcuideachtaí agus i réimse an rialachais chorparáidigh, mar aon le dlí na gconarthaí, d’fhonn gnólachtaí a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos iomaíche agus, san am céanna, cosaint a chur ar fáil do gheallsealbhóirí a ndéanann oibríochtaí cuideachta difear dóibh, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn ar cheart do bheartas dul i ngleic leo. Leis an gClár, ba cheart a áirithiú freisin go ndéanfaí meastóireacht iomchuí ar an acquis, ábhartha agus go ndéanfaí é a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach iomchuí, go gcuirfí geallsealbhóirí ar an eolas agus go gcuideofaí leo, agus go gcuirfí malartú faisnéise chun cinn sa réimse. Ba cheart |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| leis an gClár tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na tionscnaimh ón gCoimisiún chun tacú le creat dlíthiúil soiléir agus oiriúnaithe maidir leis an ngeilleagar sonraíbhunaithe agus an nuálaíocht. Is gá na tionscnaimh sin chun cur leis an deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an dlí conarthach agus an dlí seach-chonarthach, go háirithe maidir le dliteanas agus eitic ó thaobh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail idirlíon na rudaí nithiúla, an intleacht shaorga, an róbataic agus priontáil 3T. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár spreagadh a thabhairt chun gnólachtaí sonraíbhunaithe a fhorbairt óir beidh na gnólachtaí sin ríthábhachtach má tá geilleagar an Aontais le dul i ngleic leis an iomaíocht dhomhanda. | leis an gClár tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na tionscnaimh ón gCoimisiún chun tacú le creat dlíthiúil soiléir agus oiriúnaithe maidir leis an ngeilleagar sonraíbhunaithe agus an nuálaíocht. Is gá na tionscnaimh sin chun cur leis an deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an dlí conarthach agus an dlí seach-chonarthach, go háirithe maidir le dliteanas agus eitic ó thaobh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail idirlíon na rudaí nithiúla, an intleacht shaorga, an róbataic agus priontáil 3T. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gClár spreagadh a thabhairt chun gnólachtaí sonraíbhunaithe a fhorbairt***, agus ardleibhéal cosanta príobháideachais á áirithiú ag an am céanna,*** óir beidh na gnólachtaí sin ríthábhachtach má tá geilleagar an Aontais le dul i ngleic leis an iomaíocht dhomhanda. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Tá sé ríthábhachtach iomaíochas na bhfiontar Eorpach a neartú agus, san am céanna, cothrom iomaíochta éifeachtach agus margadh inmheánach atá oscailte agus iomaíoch a áirithiú. Is iad FBManna bunchloch an gheilleagair Eorpaigh arb iad 99 % de na gnólachtaí uile san Eoraip iad lena dtugtar dhá thrian de phoist, agus a chuidíonn go mór poist nua chruthú a bhfuil gné réigiúnach agus áitiúil ag baint leo. | (22) Tá sé ríthábhachtach iomaíochas ***agus inbhuanaitheacht*** na bhfiontar Eorpach a neartú agus, san am céanna, cothrom iomaíochta éifeachtach agus margadh inmheánach atá oscailte agus iomaíoch a áirithiú. Is iad FBManna bunchloch an gheilleagair Eorpaigh arb iad 99 % de na gnólachtaí uile san Eoraip iad lena dtugtar dhá thrian de phoist, agus a chuidíonn go mór le poist nua ***ardcháilíochta*** a chruthú ***sna hearnálacha uile*** a bhfuil gné réigiúnach agus áitiúil***, agus comhtháthú sóisialta, de bhrí sin,*** ag baint leo.<br>***Tá ról lárnach ag FMBanna maidir leis an aistriú fuinnimh a shaothrú agus maidir le rannchuidiú le baint amach chuspóirí aeráide an Aontais, ar cuspóirí*** |

***iad a tháinig as Comhaontú Pháras. Leis an gClár, dá bhrí sin, ba cheart cur lena n-acmhainneacht táirgí agus seirbhísí atá ar ardcháilíocht agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt agus tacú lena n-iarrachtaí éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú, i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh'. Sa chaoi sin, rannchuidíonn an Clár freisin le hiomaíochas FMBanna an Aontais ar an margadh domhanda a fheabhsú.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Bíonn ag FBManna dúshláin chomónta nach ndéanann a oiread céanna difir do ghnólachtaí móra chun maoiniú a fháil, teacht ar oibrithe oilte, an t-ualach riaracháin a laghdú, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur á n-úsáid, rochtain a fhail ar mhargaí agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe a chothú. Leis an gClár, ba cheart aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh den sórt sin ar bhealach comhréireach ach, san am céanna, gan an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh go míchuí. | (23) Bíonn ag FBManna dúshláin chomónta nach ndéanann a oiread céanna difir do ghnólachtaí móra chun maoiniú a fháil, teacht ar oibrithe oilte, an t-ualach riaracháin a laghdú, an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur á n-úsáid, rochtain a fhail ar mhargaí agus gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe a chothú. Leis an gClár, ba cheart aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh den sórt sin ar bhealach comhréireach ach, san am céanna, gan an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh go míchuí. ***Leis an gclár, ba cheart cúinsí iomchuí a chruthú go háirithe chun nuálaíocht teicneolaíochta agus eagraíochta a thabhairt isteach sa phróiseas táirgthe, agus aird á tabhairt ar cineálacha sonracha FMBanna amhail micrifhiontair, fiontair atá i mbun gníomhaíochtaí ceirde, duine féinfhostaithe, na gairmeacha beatha liobrálacha agus fiontair sa gheilleagar sóisialta. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar fhiontraithe nua, óga agus ar bhanfhiontraithe a d'fhéadfadh a bheith ann, agus ar spriocghrúpaí sonracha eile, amhail daoine níos sine, imircigh agus fiontraithe a thagann as grúpaí atá faoi*** |

| | |
|---|---|
| | ***mhíbhuntáiste go sóisialta nó as grúpaí leochaileacha amhail daoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Leis an gclár, ba cheart tacú le cultúr nuálaíochta agus é a chur chun cinn, agus éiceachóras á fhorbairt ar féidir leis gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh agus a bhfás a chothú, agus aird á díriú ar mhicrifhiontair agus ar FMBanna nuálacha atá in ann dul i ngleic leis an dúshláin a bhaineann le timpeallacht atá ag éirí níos iomaíche agus atá ag athrú go gasta. Le próisis nua nuálaíochta atá nua ó bhonn, bíonn gá le samhail nuálaíochta oscailte lena gcuirtear le taighde chomhoibríoch agus le comhroinnt eolais agus maoine intleachtúla idir eagraíochtaí éagsúla. Leis an gclár, ba cheart, dá réir sin, iarracht a dhéanamh tacú leis an bpróiseas nuálaíochta trí shamhlacha comhoibríocha nua gnó a ionchorprú, agus aird á díriú ar eolas agus acmhainní a chomhroinnt laistigh de phobail idireagraíochta.*** |

*Réasúnú*

*Tá sé tábhachtach éiceachóras nuálaíochta a fhorbairt a d'fhéadfadh borradh a chur faoin ngeilleagar. Éiceachóras nuálaíochta a fhorbairt a chuireann borradh faoin ngeilleagar.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23b) Leis an gClár, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhealach comhréireach ar theipeanna margaidh den sórt sin, agus aird ar leith á tabhairt ag an am céanna ar ghníomhaíochtaí atá go díreach chun tairbhe do FMBanna agus do líonraí fiontair agus, ag an am céanna, gan saobhadh á dhéanamh go míchuí ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart FMBanna agus líonraí fiontair a chur san áireamh le gach gníomhaíocht an Chláir.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Baineann cuid mhór d'fhadhbanna iomaíochais an Aontais le deacrachtaí FBManna teacht ar mhaoiniú toisc go mbíonn sé crua orthu a n-acmhainneacht creidmheasa a thaispeáint agus toisc nach mbíonn a dhóthain comhthaobhachta acu. Tagann dúshláin bhreise mhaoinithe as an ngá atá ag FBManna le bheith iomaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí digitithe, cuir i gcás, gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus gníomhaíochtaí nuálacha agus trí oiliúint bhreise a chur ar a gcuid oibrithe. De thoradh rochtain theoranta ar mhaoiniú, imrítear tionchar diúltach ar chruthú gnólachtaí, ar a bhforbairt agus ar a rátaí marthanais agus, lena chois sin, ar ullmhacht fiontraithe nua dul i mbun cuideachtaí inmharthana i gcomhthéacs comharbas gnó. | (24) Baineann cuid mhór d'fhadhbanna iomaíochais an Aontais le deacrachtaí FBManna maidir le teacht ar mhaoiniú toisc ***go mbíonn faisnéis in easnamh acu,*** go mbíonn sé crua orthu a n-acmhainneacht creidmheasa a thaispeáint agus toisc nach mbíonn a dhóthain comhthaobhachta acu ***nó go simplí mar gheall ar leibhéal íseal feasachta maidir leis an sásra atá ann cheana chun tacú lena ngníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal áitiúil***. Tagann dúshláin bhreise mhaoinithe as ***méid beag na micrifhiontar agus*** as an ngá atá ag FBManna le bheith iomaíoch trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí digitithe, cuir i gcás, gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus gníomhaíochtaí nuálacha agus trí oiliúint bhreise a chur ar a gcuid oibrithe. De thoradh rochtain theoranta ar mhaoiniú, imrítear tionchar diúltach ar chruthú |

gnólachtaí, ar a bhforbairt agus ar a rátaí marthanais agus, lena chois sin, ar ullmhacht fiontraithe nua dul i mbun cuideachtaí inmharthana i gcomhthéacs comharbas gnó.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun na teipeanna margaidh sin a shárú agus chun a áirithiú go leanann FBManna de bheith ag gníomhú mar bhunchloch don iomaíochas i ngeilleagair an Aontais, ní mór tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide trí bhíthin ionstraimí fiachais agus cothromais a bhunófar faoi réir na gné sin den chiste InvestEU arna bhunú le Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle[52]. Tá sé cruthaithe go bhfuil breisluach ag baint leis an tsaoráid ráthaíochta iasachta a cuireadh i bhfeidhm faoi Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] agus meastar go n-imreoidh sé tionchar dearfach ar 500 000 FBM ar a laghad; faoi réir na gné sin den chiste InvestEU a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide, cuirfear ar bun comharba ar an tsaoráid sin. | (25) Chun na teipeanna margaidh sin a shárú agus chun a áirithiú go leanann FBManna de bheith ag gníomhú mar bhunchloch don iomaíochas i ngeilleagair an Aontais***, agus mar spreagadh do gheilleagar inbhuanaithe***, ní mór tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide trí bhíthin ionstraimí fiachais agus cothromais a bhunófar faoi réir na gné sin den chiste InvestEU arna bhunú le Rialachán [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle[52]. Tá sé cruthaithe go bhfuil breisluach ag baint leis an tsaoráid ráthaíochta iasachta a cuireadh i bhfeidhm faoi Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] agus meastar go n-imreoidh sé tionchar dearfach ar 500 000 FBM ar a laghad; faoi réir na gné sin den chiste InvestEU a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide, cuirfear ar bun comharba ar an tsaoráid sin. ***Ba cheart aird níos mó a thabhairt ar chumarsáid níos fearr agus ar fheachtais phoiblí níos fearr chun feasacht a mhéadú maidir leis na tairbhithe a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an gCláir a bheith ar fáil do FMBanna. Chun feasacht a ardú maidir le gníomhaíochtaí an Aontais lena dtacaítear le FMBanna, ba cheart an suaitheantas Eorpach (bratach), in éineacht le habairt ag tabhairt aitheantais don tacaíocht a fuair clár COSME, a ionchorprú i ngníomhaíochtaí arna gcistiú go páirteach nó go hiomlán ag an*** |

***gclár sin.***

[52] COM(2018) 439 final

[53] Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014 – 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 33).

[52] COM(2018) 439 final

[53] Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014 – 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 33).

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ina theannta sin, déanfar cuspóirí beartais an Chláir a shaothrú le hionstraimí airgeadais agus le ráthaíocht bhuiséadach faoi réir na gné sin den chiste InvestEU a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide. Ba cheart tacaíocht airgeadais a úsáid, ar bhealach comhréireach, chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart, de thoradh gníomhaíochtaí, go ndéanfaí maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú nó níor cheart go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Ba cheart a léiriú go soiléir go bhfuil breisluach Eorpach ag gabháil leis na gníomhaíochtaí. | (26) Ina theannta sin, déanfar cuspóirí beartais an Chláir a shaothrú le hionstraimí airgeadais agus le ráthaíocht bhuiséadach faoi réir na gné sin den chiste InvestEU a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide. ***Ba cheart pointe lárnach uileghabhálach a bheith ag an ngné de Chiste InvestEU a bhaineann le FBManna, ar pointe é lena ndéanfaí faisnéis faoin gclár a chur ar fáil i ngach Ballstát chun méadú a dhéanamh ar rochtain agus feasacht maidir leis na cistí do FMBanna***. Ba cheart tacaíocht airgeadais a úsáid, ar bhealach comhréireach, chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart, de thoradh gníomhaíochtaí, go ndéanfaí maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú nó níor cheart go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach***, agus ba cheart a chur ar fáil go soiléir léi breisíocht agus feabhsú ar shineirgí le cláir Eorpacha eile***. Ba cheart a léiriú go soiléir go bhfuil breisluach Eorpach ag gabháil leis na gníomhaíochtaí. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Níor cheart do na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Chiste InvestEU trí urrann an Aontais nó trí na Ballstáit cistiúchán poiblí a dhúbláil ná dul ina ionad, ná iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh, ach, agus na scéimeanna ráthaíochta áitiúla poiblí agus príobháideacha atá ag oibriú cheana á gcur san áireamh, ba cheart dóibh a gcomhtháthú leis scéimeanna den sórt sin a éascú, agus an cuspóir sáraitheach a bheith leis sin na tairbhí iarbhír d'fhaighteoirí deiridh (na FMBanna a shainaithnítear leis an sainmhíniú a leagtar amach i Moladh 2003/361/CE) a fheabhsú agus a leathnú chun fíorbhreisíocht na mbeart a bhaint amach.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26b) Mar aon le rochtain ar mhaoiniú, tá rochtain ar scileanna ríthábhachtach freisin, lena n-áirítear scileanna agus eolas bainistíochta, ar nithe ríthábhachtach iad do FMBanna maidir le rochtain a dhéanamh ar chistí atá ann cheana, nuálaíocht a dhéanamh, a bheith ag iomaíocht agus a bheith ag fás. Dá bhrí sin, in éineacht le hionstraimí airgeadais a sholáthar mar atá beartaithe faoi EUInvest, ba cheart scéimeanna iomchuí meantóireachta agus cóitseála a fhorbairt agus seirbhísí eolasbhunaithe*** |

***gnó a sholáthar.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Leis an gClár, ba cheart go gcuirfí bonn taca éifeachtach faoi FBManna le linn a saolré. Ba cheart go gcuirfeadh sé leis an eolas agus leis an saineolas atá forbartha i dtaobh FBManna agus earnálacha ***tionsclaíocha*** agus leis an taithí sheanbhunaithe ó bheith ag obair le geallsealbhóirí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Ba cheart go gcuirfeadh an tacaíocht sin leis an dóigh ***ar éirigh leis*** an Líonra Fiontar Eorpach a bheith ina ionad ilfhreastail chun iomaíochas FBManna a fheabhsú agus a ngnó a fhorbairt laistigh den margadh aonair agus lasmuigh de. Tá rún ag an Líonra leanúint de bheith ag soláthar seirbhísí thar ceann cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe an clár Fís 2020, trí bhíthin acmhainní airgeadais na gclár sin. Lena chois sin, ba cheart go leanfaí den scéim meantóireachta d'fhiontraithe nua chun gur féidir le fiontraithe nua nó daoine a dteastaíonn uathu a bheith ina bhfiontraithe taithí ghnó a fháil trí iad a mheaitseáil le fiontraithe seanchleachta ó thír eile agus, ar an dóigh sin, cuidiú leo a gcumas fiontraíochta a neartú. Ba cheart don Chlár ***tuilleadh iarrachta a dhéanamh*** a chumhdach geografach a mhéadú agus a leathnú agus, ar an dóigh sin, raon níos leithne féidearthachtaí meaitseála a thairiscint d'fhiontraithe i gcomhlántacht le tionscnaimh eile de chuid an Aontais i gcás inarb ábhartha. | (27) Leis an gClár, ba cheart go gcuirfí bonn taca éifeachtach faoi FBManna le linn a saolré***, rud lena dtabharfaí cúnamh lena gcumhdófaí ullmhú tionscadail go tráchtálú agus rochtain ar an margadh, agus lena spreagfaí cruthú líonraí fiontraíochta***. Ba cheart go gcuirfeadh sé leis an eolas agus leis an saineolas atá forbartha i dtaobh FBManna agus earnálacha ***eacnamaíocha agus fiontraíocha*** agus leis an taithí sheanbhunaithe ó bheith ag obair le geallsealbhóirí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. Ba cheart go gcuirfeadh an tacaíocht sin le an taithí a fuarthas ón Líonra Fiontar Eorpach a bheith ina ionad ilfhreastail chun iomaíochas FBManna a fheabhsú agus a ngnó a fhorbairt laistigh den margadh aonair agus lasmuigh de. Tá rún ag an Líonra leanúint de bheith ag soláthar seirbhísí thar ceann cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe an clár Fís 2020, trí bhíthin acmhainní airgeadais na gclár sin. ***Ba cheart dó freisin tacú le rannpháirtíocht fheabhsaithe ag eagraíochtaí ionadaithe FMBanna i dtaobh tionscnamh a fhorbairt maidir le Beartas an Mhargaidh Aonair, amhail soláthar poiblí, nós imeachta caighdeánaithe agus córais mhaoine intleachta. Ba cheart don Líonra freisin líon na ngníomhaíochtaí a mhéadú, rud a chuirfeadh comhairle níos spriocdhírithe ar fáil do FMBanna maidir le cláir a dhréachtú agus tacú le líonrú agus le haistriú teicneolaíochta agus eagraíochta. Ba cheart don Líonra freisin feabhas a chur ar mhoil Chomhairleacha eile arna mbunú sa chlár Digiteach agus in*** |

***InvestEU maidir le rochtain ar mhaoiniúchán. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm freisin le gníomhaíochtaí COSME sa Líonra seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar ar fud na hEorpa, agus aird ar leith á tabhairt ar réimsí gníomhaíochtaí agus ar cheantair gheografacha den Aontas nach bhfuil na torthaí a bhfuiltear ag súil leo á mbaint amach ag na Líonraí agus na geallsealbhóirí idirghabhála iontu.*** Lena chois sin, ba cheart go leanfaí den scéim meantóireachta ***rathúil*** d'fhiontraithe nua ***- Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga -*** chun gur féidir le fiontraithe nua nó daoine a dteastaíonn uathu a bheith ina bhfiontraithe taithí ghnó ***agus bhainistíochta*** a fháil trí iad a mheaitseáil le fiontraithe seanchleachta ó thír eile agus, ar an dóigh sin, cuidiú leo a gcumas fiontraíochta a neartú. Ba cheart don Chlár a chumhdach geografach a mhéadú agus a leathnú agus, ar an dóigh sin, raon níos leithne féidearthachtaí meaitseála a thairiscint d'fhiontraithe i gcomhlántacht le tionscnaimh eile de chuid an Aontais i gcás inarb ábhartha. ***Chun méadú a dhéanamh ar an luach breise a thagann as tionscnaimh fiontraíochta a chur chun cinn, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhicrifhiontair agus orthu sin is lú a bhfuil tairbh bainte acu as an gclár atá ann cheana, agus i gcás ina bhfuil cultúr an fhiontair fós ar leibhéal an-bhunúsach agus a bhfuil tuilleadh bacainní roimhe. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun leithdháileadh na gcistí atá réasúnta cothrom ó thaobh geografaíochta de a bhaint amach.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Ba cheart iarracht níos mó a dhéanamh an t-ualach riaracháin a laghdú agus inrochtaineacht na gclár a mhéadú chun laghdú a dhéanamh ar na costais atá ar FMBanna agus micrifhiontair mar gheal ar phróiseas casta iarratais agus ceanglais chasta rannpháirtíochta. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar phointe aonair faisnéise a bhunú do ghnóthais ar spéis leo úsáid a bhaint as cistí an Aontais atá ag feidhmiú mar ionad ilfhreastail. Ba cheart go mbeadh an nós imeachta meastóireachta chomh simplí agus chomh tapa agus is féidir chun go bhféadfar úsáid thráthúil a bhaint as na tairbhí a chuirtear ar fáil leis an gclár.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Is uirlis straitéiseach é braislí fiontar a chur ar bun chun tacú le hiomaíochas FBManna agus chun iad a chur ag gníomhú ar scála níos leithne óir cruthaítear leo timpeallacht atá fabhrach don ghnó. Ba cheart do thionscnaimh chomhpháirteacha le haghaidh braislí fiontar mais chriticiúil a bhaint amach chun dlús a chur le fás FBManna. De thoradh éiceachórais speisialaithe a nascadh, cruthaítear le braislí fiontar deiseanna nua gnó do FBManna agus déantar iad a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr i slabhraí luacha straitéiseacha ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal domhanda. Trí thacaíocht ón ardán comhair do bhraislí fiontar Eorpacha, ba cheart tacú le straitéisí comhpháirtíochta trasnáisiúnta a fhorbairt agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a | (28) Is uirlis straitéiseach é braislí fiontar a chur ar bun chun tacú le hiomaíochas FBManna agus chun iad a chur ag gníomhú ar scála níos leithne óir cruthaítear leo timpeallacht atá fabhrach don ghnó***, déanann siad méadú ar fhorbairt inbhuanaithe tionscail agus seirbhísí agus déanann siad fás eacnamaíoch na réigiún a neartú trí phoist ardcháilíochta a chruthú***. Ba cheart do thionscnaimh chomhpháirteacha le haghaidh braislí fiontar mais chriticiúil a bhaint amach chun dlús a chur le fás FBManna. De thoradh éiceachórais speisialaithe a nascadh, cruthaítear le braislí fiontar deiseanna nua gnó do FBManna agus déantar iad a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr i slabhraí luacha straitéiseacha ar leibhéal na hEorpa agus ar |

| | |
|---|---|
| chur chun feidhme. Ba cheart comhpháirtíocht inbhuanaithe a spreagadh trí leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil má bhaintear amach spriocanna feidhmíochta agus rannpháirtíochta. Le haghaidh na nithe seo a leanas, ba cheart tacaíocht dhíreach do FBManna a threorú trí eagraíochtaí de bhraislí fiontar: úsáid ardteicneolaíochtaí, samhlacha nua gnó, réitigh ***ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní***, cruthaitheacht agus dearadh, seisiúin oiliúna, daoine inniúla a mhealladh, dlús a chur leis an bhfiontraíocht, agus an t-idirnáisiúnú. Gníomhaithe ar speisialtóirí iad i dtacaíocht a chur ar fáil do FBManna, ba cheart iad a bheith rannpháirteach san athrú tionsclaíoch a éascú agus in straitéisí um speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme. Ar an dóigh sin, ba cheart leis an gClár bonn taca a chur faoin bhfás agus faoi naisc a chruthú le moil nuálaíochta (digití) agus infheistíochtaí an Aontais arna gcur ar bun faoi réir an bheartais comhtháthaithe agus an chláir Fís Eorpach. Chomh maith leis sin, is féidir sineirgíochtaí leis an gclár Erasmus a fhiosrú. | an leibhéal domhanda. Trí thacaíocht ón ardán comhair do bhraislí fiontar Eorpacha, ba cheart tacú le straitéisí comhpháirtíochta trasnáisiúnta a fhorbairt agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme. Ba cheart comhpháirtíocht inbhuanaithe a spreagadh trí leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil má bhaintear amach spriocanna feidhmíochta agus rannpháirtíochta. Le haghaidh na nithe seo a leanas, ba cheart tacaíocht dhíreach do FBManna ***a threorú*** trí eagraíochtaí de bhraislí fiontar: glacadh ardteicneolaíochtaí, samhlacha nua gnó, réitigh, cruthaitheacht agus dearadh, seisiúin oiliúna, daoine inniúla a mhealladh, dlús a chur leis an bhfiontraíocht, agus an t-idirnáisiúnú. Gníomhaithe ar speisialtóirí iad i dtacaíocht a chur ar fáil do FBManna, ba cheart iad a bheith rannpháirteach san athrú tionsclaíoch a éascú agus in straitéisí um speisialtóireacht chliste a chur chun feidhme. Ar an dóigh sin, ba cheart don gClár rannchuidiú le ***forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe*** agus naisc a chruthú le moil nuálaíochta (digití) agus infheistíochtaí an Aontais arna gcur ar bun faoi réir an bheartais comhtháthaithe agus an chláir Fís Eorpach. Chomh maith leis sin, is féidir sineirgíochtaí leis an gclár Erasmus a fhiosrú. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Is féidir leis an gclár cuidiú le cur leis an gcaidreamh idir micrifhiontair agus FMBanna agus ollscoileanna, lárionaid taighde agus institiúidí eile atá rannpháirteach i dtáirgeadh agus scaipeadh eolais. Is féidir leis an gcaidreamh sin feabhas a chur ar chumas gnólachtaí maidir le dul i ngleic leis na*** |

***dúshláin straitéiseacha a bhaineann leis an gcomhthéacs nua idirnáisiúnta.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28b) Mar gheall ar iad a bheith beag, bíonn constaicí sonracha ar fhás roimh FMBanna agus bíonn deacrachtaí móra acu maidir le bheith ag fás agus méadú a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí gnó. Bhí an tAontas ag tabhairt tacaíochta chun méadú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí lena ndírítear ar nuálaíocht agus taighde go príomha tríd an Ionstraim FBM agus tríd an treoirthionscadail a bhí a reáchtáil an Chomhairle Eorpach Nuálaíochta le déanaí laistigh de chlár Fís 2020. Bunaithe ar mhodhanna oibre agus taithí na hIonstraime FMB, ba cheart do Chlár an Mhargaidh Aonair tacaíocht a thabhairt freisin do ghníomhaireachtaí méadaithe ag FMBanna a comhlánaíonn an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach nua agus an bhéim shonrach a leagan sí ar nuálaíocht cheannródaíoch faoi chlár Fís Eorpach. Le gníomhaireachtaí méadaithe do FMBanna faoin gclár sin, ba cheart, mar shampla, díriú ar chuidiú le FMBanna méadú a dhéanamh trí thráchtálú, idirnáisiúnú agus deiseanna margadhthiomáinte.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Tá an chruthaitheacht agus an nuálaíocht ríthábhachtach ó thaobh iomaíochas shlabhraí luacha tionsclaíocha | (29) Tá an chruthaitheacht agus an nuálaíocht***, claochlú teicneolaíochta agus eagraíochta, inbhuanaitheacht*** |

an Aontais. Spreagann siad nuachóiriú ***tionsclaíoch*** agus rannchuidíonn siad le fás atá cliste, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Mar sin féin, tá FBManna ar gcúl go fóill i dtaca lena n-úsáid. Dá réir sin, ba cheart leis an gClár tacú le gníomhaíochtaí, líonraí agus comhpháirtíochtaí spriocdhírithe ar an nuálaíocht atá bunaithe ar an gcruthaitheacht ag gach céim den slabhra luacha tionsclaíoch.

***fheabhsaithe ó thaobh an phróisis táirgthe, go háirithe éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh,*** ríthábhachtach ó thaobh iomaíochas shlabhraí luacha tionsclaíocha an Aontais. Spreagann siad nuachóiriú ***na hearnála gnó agus na hearnála tionsclaíche*** agus rannchuidíonn siad le fás atá cliste, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Mar sin féin, tá FBManna ar gcúl go fóill i dtaca lena n-úsáid. Dá réir sin, ba cheart leis an gClár tacú le gníomhaíochtaí, líonraí agus comhpháirtíochtaí spriocdhírithe ar an nuálaíocht atá bunaithe ar an gcruthaitheacht ag gach céim den slabhra luacha tionsclaíoch.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Agus aitheantas á thabhairt gur éirigh go han-mhaith leis an Ionstraim FMB de Chlár Fís 2020 d'fhiontraithe trí dheontais i gcéim 1 agus i gcéim 2 maidir lena smaointí le haghaidh gnólachtaí nua a chur chun cinn agus fréamhshamhalacha a thástáil agus a fhorbairt. Cé go bhfuil an próiseas roghnúcháin an-dian cheana, is iomaí tionscadal maith nach féidir a mhaoiniú mar gheall ar acmhainní airgeadais teoranta. Bhí an cur chun feidhme faoi chreat na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME) ag feidhmiú go han-éifeachtúil. Cé go ndírítear ar thionscadail ardteicneolaíochta leis an gclár sin, ba cheart don gclár sin an mhodheolaíocht a leathnú chuig aon chineál FMB méadaithe.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29b) Le gníomhaíochtaí COSME, ba cheart díriú freisin ar earnálacha a mbíonn fás suntasach, acmhainneacht shóisialta agus cion ard FBManna ina saintréithe acu. Is earnáil ar leith de Gheilleagar an Aontas í an turasóireacht, earnáil a rannchuidíonn go suntasach le OTI an Aontais agus atá á reáchtáil go príomha ag FMBanna. Ba cheart don Aontas leanúint de ghníomhaíochtaí a thacaíonn le sainiúlachtaí na hearnála sin, agus na gníomhaíochtaí sin a mhéadú.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart don Chlár díriú ar earnáil na turasóireachta, i bhfianaise a thábhachtaí atá sí sa chomhthéacs Eorpach.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Tá ról tábhachtach ag caighdeáin Eorpacha sa mhargadh inmheánach. Tá siad ríthábhachtach ó thaobh a iomaíche atá gnóthais, go háirithe FBManna. Is den riachtanas iad chun bonn taca a chur faoi reachtaíocht agus ***beartais*** an Aontais i roinnt réimsí tábhachtacha, amhail an fuinneamh, an t-athrú aeráide, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, úsáid inbhuanaithe acmhainní, an nuálaíocht, sábháilteacht táirgí, cosaint tomhaltóirí, sábháilteacht agus dálaí oibre oibrithe, agus aosú an daonra agus, ar an dóigh sin, tairbhe a dhéanamh don tsochaí i | (30) Tá ról tábhachtach ag caighdeáin Eorpacha sa mhargadh inmheánach. Tá siad ríthábhachtach ó thaobh a iomaíche atá gnóthais, go háirithe FBManna. Is uirlis ríthábhachtach iad freisin chun tacú le reachtaíocht agus ***spriocanna beartais*** an Aontais i roinnt réimsí tábhachtacha amhail ***dlús a chur leis an aistriú*** fuinnimh, ***dul i ngleic leis*** an athrú aeráide, ***cosaint an chomhshaoil, cáilíocht fheabhsaithe aer agus uisce***, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, úsáid inbhuanaithe ***agus athchúrsáil*** acmhainní, an nuálaíocht ***teicneolaíochta agus shóisialta***, |

| | |
|---|---|
| gcoitinne. | sábháilteacht táirgí, cosaint tomhaltóirí, sábháilteacht agus dálaí oibre oibrithe, agus aosú an daonra agus, ar an dóigh sin, tairbhe a dhéanamh don tsochaí i gcoitinne. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Ba cheart prionsabal na trédhearcachta agus an prionsabal maidir le comhdheiseanna idir fir agus mná a chur san áireamh i ngach tionscnamh agus gníomhaíocht a chumhdófar faoin gclár. Ba cheart meas ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha do gach saoránach a chur san áireamh sna tionscnaimh agus sna gníomhaíochtaí sin freisin.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Ba cheart don Chlár sineirgí ***agus*** comhlántachtaí a chur chun cinn i leith na FBManna agus i leith na tacaíochta fiontraíochta faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69] . Ina theannta sin, leis an ngné sin den chiste InvestEU, arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70], ráthófar tacaíocht fiachais agus chothromais chun rochtain agus fáil ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna. Ba cheart don Chlár sineirgí a lorg freisin leis an gClár Spáis arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71] i ndáil le FBManna a | (65) Ba cheart don Chlár sineirgí agus comhlántachtaí ***agus breisíocht*** a chur chun cinn i leith na FBManna agus i leith na tacaíochta fiontraíochta faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69] . Ina theannta sin, leis an ngné sin den chiste InvestEU, arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70], ráthófar tacaíocht d'fhiachas agus do chothromas chun rochtain agus fáil ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna ***agus micrifhiontair***. Ba cheart don Chlár sineirgí a lorg freisin leis an gClár Spáis arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón |

| | |
|---|---|
| spreagadh chun tairbhe a bhaint as nuálaíocht cheannródaíoch agus réitigh eile arna bhforbairt faoi na cláir sin. | gComhairle[71] i ndáil le FBManna a spreagadh chun tairbhe a bhaint as nuálaíocht cheannródaíoch agus réitigh eile arna bhforbairt faoi na cláir sin. |
| ___ | ___ |
| [69] COM(2018) 372 final | [69] COM(2018) 372 final |
| [70] COM(2018) 439 final | [70] COM(2018) 439 final |
| [71] COM(2018) 447 final | [71] COM(2018) 447 final |

*Réasúnú*

*Tagairt do bhreisíocht agus do mhicrifhiontair curtha leis.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Ba cheart don Chlár sineirgí agus comhlántacht a chur chun cinn i ndáil leis an gClár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73], a bhfuil sé mar aidhm leis digitiú gheilleagar an Aontais agus na hearnála poiblí a chur chun cinn. | (67) Ba cheart don Chlár sineirgí agus comhlántacht a chur chun cinn i ndáil leis an gClár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bhfuil sé mar aidhm leis digitiú gheilleagar an Aontais agus na hearnála poiblí ***agus cibearshlándáil mhéadaithe*** a chur chun cinn. |
| ___ | ___ |
| [73] COM(2018) 434 final | [73] COM(2018) 434 final |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo, bunaítear an clár chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar iomaíochas fiontar, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus | Leis an Rialachán seo, bunaítear an clár chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar iomaíochas ***agus inbhuanaitheacht*** fiontar, lena n-áirítear micrifhiontair agus |

| | |
|---|---|
| mheánmhéide agus an creat chun forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh a mhaoiniú, de réir bhrí Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 (an 'Clár'). | fiontair bheaga agus mheánmhéide***, gnóthais sa gheilleagar sóisialta agus líonraí fiontar,*** agus an creat chun forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh a mhaoiniú, de réir bhrí Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 (an 'Clár'). |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) Ciallaíonn 'gnóthas sa gheilleagar sóisialta' gnóthas a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige tionchar sóisialta a bheith aige seachas brabús a shaothrú d'úinéirí nó dá scairshealbhóirí agus a oibríonn trí earraí agus seirbhísí a sholáthar don mhargadh agus atá á bhainistiú ar bhealach freagrach agus oscailte lena mbaineann rannpháirtíocht ag fostaithe, ag tomhaltóirí agus ag geallsealbhóirí;*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) Ciallaíonn 'Fiontar Poiblí Áitiúil' fiontar beag maidir le seirbhís phoiblí áitiúil a chomhlíonann na critéir maidir le FMBanna agus a chomhlíonann cúramaí tábhachtacha do phobail áitiúla;*** |

*Réasúnú*

*Is ionann Fiontair Phoiblí Áitiúla agus cineál gníomhaíochta fiontraíochta lena mbaineann na saintréithe sonracha is gá chun í a chur san áireamh go cuí i gclár COSME.*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4c) Ciallaíonn 'Líonraí Fiontar' teacht le cheile fiontraithe chun dul i mbun tionscadal comhroinnte, lena dtugann dhá FMB nó níos mó faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin nó níos mó chun a n-iomaíochas sa mhargadh a mhéadú.*** |

*Réasúnú*

*Is gníomhaithe ríthábhachtacha sa mhargadh inmheánach iad líonraí fiontar.*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ***a*** fheabhsú, ***agus go háirithe*** saoránaigh, tomhaltóirí agus ***gnólachtaí*** a chosaint agus a chumhachtú, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus ***mheánmhéide (FBManna), trí dhlí an Aontais a fhorfheidhmiú***, rochtain ar an margadh a éascú, caighdeáin a leagan síos agus sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus plandaí, agus leas ainmhithe a chur chun cinn; chomh maith le comhar idir údaráis inniúla na mBallstát a fheabhsú agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún agus gníomhaíochtaí díláraithe an Aontais a fheabhsú; | (a) Cur le ***hiomaíochas agus*** feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ***trína fheabhsú le geilleagair áitiúla, dul i ngleic le neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh, forfheidhmiú chreat dlíthiúil an Aontais a éascú,*** saoránaigh, tomhaltóirí agus ***gnólachtaí, lena n-áirítear a lucht saothair***, a chosaint agus a chumhachtú, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus ***mheánmhéide a rannchuidíonn le spriocanna aeráide agus fás tionsclaíoch inbhuanaithe a bhaint amach***, ***mar aon leis na dálaí le haghaidh fostaíocht atá cobhsaí agus ar ardcháilíocht a chruthú***, rochtain ar an margadh a éascú, caighdeáin a leagan síos agus sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus plandaí, agus leas ainmhithe a chur chun cinn; chomh maith le comhar ***agus comhroinnt dea-chleachtas*** idir údaráis inniúla na mBallstát agus idir údaráis inniúla na mBallstát agus |

| | |
|---|---|
| | an Coimisiún agus gníomhaíochtaí díláraithe an Aontais a fheabhsú***;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí, cosc agus baint constaicí a éascú, tacú le dlí an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i réimse an mhargaidh inmheánaigh d'earraí agus do sheirbhísí, soláthar poiblí, faireachas margaidh chomh maith le dlí na gcuideachtaí agus an dlí conarthach agus an dlí seach-chonarthach, sciúradh airgid, saorghluaiseacht chaipitil, seirbhísí airgeadais agus iomaíocht, lena n-áirítear forbairt uirlisí rialachais; | (a) an margadh inmheánach a dhéanamh níos éifeachtaí, ***forbairt eacnamaíoch áitiúil a chur chun cinn***, cosc agus baint constaicí a éascú, tacú le dlí an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i réimse an mhargaidh inmheánaigh d'earraí agus do sheirbhísí***, an geilleagar sóisialta agus fiontraíocht shóisialta***, soláthar poiblí, faireachas margaidh chomh maith le dlí na gcuideachtaí agus an dlí conarthach agus an dlí seach-chonarthach, sciúradh airgid, saorghluaiseacht chaipitil, seirbhísí airgeadais agus iomaíocht, lena n-áirítear forbairt uirlisí rialachais; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) iomaíochas fiontar ***a fheabhsú*** le béim speisialta ar FBManna agus breisíocht a bhaint amach trí bhearta a sholáthar ***lena gcuirtear foirmeacha éagsúla tacaíochta ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, rochtain ar mhargaí lena n áirítear idirnáisiúnú FBManna, timpeallacht fhabhrach ghnó do FBMAnna, iomaíochas earnálacha, nuachóiriú earnáil na tionsclaíochta agus cur chun cinn na fiontraíochta;*** | (b) ***idir*** iomaíochas ***agus inbhuanaitheacht*** fiontar ***a neartú***, agus béim ar leith á leagan ar FMBanna agus ar bhreisíocht a bhaint amach trí fhoráil a dhéanamh do bhearta ***(cuspóirí COSME), agus aird ar leith á tabhairt ar a riachtanais shonracha, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***i) cineálacha éagsúla tacaíochta a thabhairt do FMBanna; fás, cur chun cinn agus cruthú FMBanna, lena n-áirítear líonraí fiontar, a chothú; scileanna bainistíochta a fhorbairt agus bearta a chothú maidir méadú a dhéanamh, ar bearta iad lena mbeidh rochtain níos fearr ag FMBanna ar mhargaí agus ar phróisis idirnáisiúnaithe, mar aon le margú a dtairgí agus seirbhísí;*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ii) timpeallacht fhabhrach ghnó agus creat fabhrach gnó a chothú do FMBanna, an t-ualach riaracháin a laghdú, iomaíochas earnálacha a fheabhsú, nuachóiriú tionscal a áirithiú, lena n-áirítear a gclaochlú digiteach lena rannchuideofar le geilleagar atá athléimneach agus tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní a bhaint amach;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe iii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***iii) cultúr fiontraíochta a chur chun cinn agus rannchuidiú le hoiliúint ardcháilíochta do bhaill foirne FMBanna;*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 – pointe b – pointe iv (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***iv) deiseanna nua gnó a chur chun cinn do FMBanna, athruithe struchtúrtha a shárú trí bhearta spriocdhírithe, agus cineálacha nuálacha eile gníomhaíochtaí amhail ceannaigh thar barr amach ag oibrithe, cruthú post agus leanúnachas gnólachtaí a éascú ar chríocha ina ndéanann na hathruithe sin difear.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR ***4 088 580 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 go 2027. | 1. Is é EUR ***5 514 000 000 i bpraghsanna 2018 (EUR 6 211 000 000*** i bpraghsanna reatha***)*** a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 – 2027. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) EUR ***1 000 000 000*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b); | (a) EUR ***2 772 000 000 i bpraghsanna 2018 (EUR 3 124 000 000 i bpraghsanna reatha)*** don chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b); |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, chomh maith le húsáid a bhaint as líonraí teicneolaíochta faisnéise a dhírítear ar phróiseáil faisnéise agus ar mhalairt faisnéise, agus uirlisí teicneolaíochta faisnéise a úsáid agus a fhorbairt. | 3. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, chomh maith le húsáid a bhaint as líonraí teicneolaíochta faisnéise a dhírítear ar phróiseáil faisnéise agus ar mhalairt faisnéise, agus uirlisí teicneolaíochta faisnéise a úsáid agus a fhorbairt. ***Cuirfear teorainn le costais iomlána an riaracháin agus na tacaíochta teicniúla chun go bhféadfar an clár a chur ar fáil a mhéad is féidir chun gníomhaíochtaí a chumhdaítear le cuspóirí an chláir a mhaoiniú agus, i gcás ar bith, ní rachaidh siad thar 5% den bhuiséad foriomlán dá dtagraítear in Airteagal 4(1).*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, má iarrann na Ballstáit sin. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den Airteagal sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh más féidir. | 6. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, arna iarraidh sin ***go deonach*** ag na Ballstáit. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den Airteagal sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh más féidir. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfar agus bainisteofar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais. | Tabharfar agus bainisteofar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais. ***Foilseoidh an Coimisiún cláir oibre a chuirfear in oiriúint do gach ceann de na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus lena sonrófar méid na ndeontas a bheidh le leithdháileadh.*** |

*Réasúnú*

*Tá an cleachtas sin comhdhlúite i mbainistiú chláir AE*

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na dálaí cearta a chruthú chun gníomhaithe uile an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear gnólachtaí, saoránaigh agus tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta agus údaráis phoiblí, a chumhachtú le feachtais thrédhearcacha faisnéise agus ardaithe feasachta, dea-chleachtas a mhalartú, dea-chleachtais a chur chun cinn, saintaithí agus eolas a mhalartú agus a scaipeadh agus oiliúint a eagrú; | (a) na dálaí cearta a chruthú chun gníomhaithe uile an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear gnólachtaí***, agus go háirithe micrifhiontair, FMBanna***, saoránaigh agus tomhaltóirí, an tsochaí shibhialta agus údaráis phoiblí, a chumhachtú le feachtais thrédhearcacha faisnéise agus ardaithe feasachta, dea-chleachtas a mhalartú, dea-chleachtais a chur chun cinn, saintaithí agus eolas a mhalartú agus a scaipeadh agus oiliúint a eagrú; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sásraí a chur ar fáil do shaoránaigh, do thomhaltóirí, d'úsáideoirí deiridh, don tsochaí shibhialta ***agus*** d'ionadaithe gnó ón Aontas chun cur le pléití polaitiúla, le beartais agus leis an bpróiseas cinnteoireachta, go háirithe trí thacú le feidhmiú na n-eagraíochtaí ionadaíocha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; | (b) sásraí a chur ar fáil do shaoránaigh, do thomhaltóirí, d'úsáideoirí deiridh, d'ionadaithe gnólachtaí ***agus fostaithe*** sa tsochaí shibhialta ón Aontas chun cur le pléití polaitiúla, le beartais agus leis an bpróiseas cinnteoireachta, go háirithe trí thacú le feidhmiú na n-eagraíochtaí ionadaíocha ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) foirmeacha éagsúla tacaíochta a sholáthar do FBManna;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rochtain ***FBManna*** ar mhargaí a éascú, tacú leo agus aghaidh á thabhairt acu ar dhúshláin dhomhanda agus sochaíocha agus idirnáisiúnú gnó, agus ceannaireacht thionsclaíoch an Aontais a threisiú i slabhraí luacha domhanda***, lena n-áirítear an Líonra Fiontar Eorpach***; | (b) rochtain ***micrifhiontar, FBManna agus líonraí fiontar*** ar mhargaí a éascú***, lena n-áirítear margaí lasmuigh den Aontas***, tacú leo agus aghaidh á thabhairt acu ar dhúshláin dhomhanda***, chomhshaoil, eacnamaíocha*** agus sochaíocha agus idirnáisiúnú gnó, ***tacaíocht dóibh a éascú le linn a saolré*** agus ceannaireacht ***fiontraíochta agus*** thionsclaíoch an Aontais a threisiú i slabhraí luacha domhanda***;*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an margadh, ar ualach riaracháin agus timpeallacht fhabhrach ghnó a chruthú chun FBManna a ***chumhachtú*** le tairbhe a bhaint as an margadh inmheánach; | (c) aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an margadh, ualach riaracháin ***a laghdú, lena n-áirítear laghdú a dhéanamh ar chonstaicí maidir le fiontair a chur ar bun agus maidir le gnólachtaí a thionscnamh*** agus timpeallacht fhabhrach ghnó a chruthú chun ***micrifhiontair agus*** FBManna a ***chumasú*** le tairbhe a bhaint as an margadh inmheánach***, lena n-áirítear rochtain ar mhaoiniúchán***; ***agus trí threoir iomchuí agus scéimeanna iomchuí meantóireachta agus cóitseála a chur ar fáil, agus seirbhísí eolasbhunaithe gnó a sholáthar;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) fás gnólachtaí a éascú, lena n-áirítear forbairt scileanna, agus claochlú tionsclaíoch ar fud earnáil na monaraíochta agus earnáil na seirbhísí; | (d) ***forbairt agus*** fás gnólachtaí ***inbhuanaithe*** a éascú, ***feasacht i measc micrifhiontar agus FMBanna a ardú maidir le reachtaíocht an Aontais,*** lena n-áirítear ***dlí comhshaoil agus fuinnimh an Aontais,*** a scileanna ***agus a bhforbairt cáilíochtaí a uasghrádú***, agus ***samhlacha nua gnó agus slabhraí luacha atá tíosach ar acmhainní a éascú, ar samhlacha gnó agus slabhraí luacha iad lena gcothaítear claochlú inbhuanaithe*** tionsclaíoch***, teicneolaíoch agus eagraíochtúil*** ar fud earnáil na monaraíochta agus earnáil na seirbhísí; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***tacú le*** hiomaíochas fiontar agus earnálacha iomlána den gheilleagar, agus tacú le glacadh FBManna ar an nuálaíocht agus ar chomhar shlabhraí luacha domhanda trí éiceachórais agus cnuasaigh a nascadh go straitéiseach, lena n-áirítear an tionscnamh le haghaidh cnuasaigh chomhpháirteacha; | (e) iomaíochas ***agus inbhuanaithe*** fiontar agus earnálacha iomlána den gheilleagar ***a neartú***, agus tacú le glacadh micrifhiontar agus FBManna maidir le nuálaíocht ***theicneolaíoch, eagraíochtúil agus shóisialta, freagracht shóisialta chorparáideach*** agus comhar sa slabhra luacha ***a fheabhsú*** trí éiceachórais agus cnuasaigh a nascadh go straitéiseach, lena n-áirítear an tionscnamh le haghaidh cnuasaigh chomhpháirteacha; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) timpeallacht ghnó fhiontraíoch agu cultúr na fiontraíochta a chothú, ***lena n-áirítear*** an scéim meantóireachta d'fhiontraithe nua agus tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta, d'inbhuanaitheacht ghnó agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis. | (f) timpeallacht ghnó fhiontraíoch agus cultúr na fiontraíochta a chothú, an scéim meantóireachta d'fhiontraithe nua ***a mhéadú*** agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta, d'inbhuanaitheacht ghnó agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis***, agus aird ar leith á tabhairt ar nuafhiontraithe féideartha (i.e. daoine óga, mná), mar aon le spriocghrúpaí sonracha eile, amhail grúpaí faoi mhíbhuntáiste shóisialta nó grúpaí leochaileacha.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Féadfaidh an Coimisiún tacú leis na gníomhaíochtaí sonracha seo a leanas a thacaíonnr le mír(a) go mír(f) chun*** <br> ***i. dlús a chur le seirbhísí comhairleacha,*** |

***tacú leo agus iad a leathnú tríd an Líonra Fiontar Eorpach chun seirbhís chomhtháite tacaíochta gnó a bhfuil ionad ilfhreastail aici a sholáthar do FBManna san Aontas atá ag iarraidh deiseanna sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha a fhiosrú, agus trí fhaireachán a dhéanamh lena dheimhniú go bhfuil leibhéal cáilíocht seirbhíse den chineál céanna á chur ar fáil ar fud na mBallstát uile ag na tríú tíortha sin;***

***ii. tacú le cruthú líonraí fiontar;***

***iii. tacú le cláir shoghluaisteachta d'fhiontraithe nua agus iad a fhairsingiú ("Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga") chun feabhas a chur ar a gcumas i leith fios gnó, scileanna agus dearcaidh fiontraíochta a fhorbairt agus chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht teicneolaíochta agus ar an tslí a mbainistíonn siad fiontair;***

***iv. tacú le méadú FMBanna trí thionscadail shuntasacha maidir le leathnú gnólachtaí bunaithe ar dheiseanna margadhthiomáinte (ionstraim méadaithe FMBanna);***

***v. Tacú le gníomhaíochtaí earnáilsonracha i réimsí a mbíonn cion ard micrifhiontar agus FBManna agus rannchuidiú mór le OTI an Aontais ina saintréithe acu, amhail earnáil na turasóireachta.***

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 - mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. I ngníomhaíochtaí a dtabharfar fúthu tríd an Líonra Fiontar Eorpach dá dtagraítear i bpointe 3 a nua, inter alia:*** |
| | ***(i) Idirnáisiúnú FMBanna agus sainaithint comhpháirtithe gnó sa mhargadh inmheánach, comhar*** |

***trasteorann maidir le taighde agus forbairt, teicneolaíocht, comhpháirtíocht aistrithe eolais agus nuálaíochta a éascú;***

***(ii) faisnéis, treoir agus comhairle shaincheaptha a sholáthar maidir le dlí an Aontais, deiseanna maoinithe agus cistithe an Aontais mar aon le tionscnaimh an Aontais a mbíonn tionchar acu ar ghnó, lena n-áirítear cánachas, cearta maoine, oibleagáidí a bhaineann leis an gcomhshaol agus le fuinneamh, gnéithe maidir le saothar agus slándáil shóisialta;***

***(iii) rochtain FMBanna ar shaineolas comhshaoil, aeráide, éifeachtúlachta fuinnimh agus feidhmíochta a éascú;***

***(iv) An líonra a fheabhsú le líonraí eile faisnéise agus comhairleacha de chuid an Aontais agus na mBallstát, go háirithe, EURES, Moil nuálaíochta an Aontais agus Mol comhairleach InvestEu.***

***Déanfar seirbhísí a sholáthraíonn an Líonra thar ceann cláir eile de chuid an Aontais a chistiú leis na cláir sin.***

***Tabharfaidh an Coimisiún tosaíocht do ghníomhaíochtaí sa Líonra chun feabhas a chur le codanna nó gnéithe de nach gcomhlíonann an caighdeáin íosta chun tacaíocht aonchineálach a thabhairt do mhicrifhiontair agus do FMBanna ar fud an Aontais.***

***Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena mbunófar táscairí agus caighdeáin íosta chun tionchar an Líonra a thomhas maidir le cuspóirí sonracha agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí COSME.***

***Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2).***

***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun cineálacha breise tacaíochta do na***

| | |
|---|---|
| | ***FMBanna nach bhforáiltear sa mhír sin a chomhlánú.*** |
| | ***Leis na gníomhartha tarmligthe sin, urramófar na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán sin, go háirithe cuspóirí COMSE a bhunaítear in Airteagal 3(2).*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo a leanas: | ***Féadfaidh an Coimisiún cead a thabhairt d'***eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár páirt ***a*** ghlacadh sna gníomhaíochtaí seo a leanas: |

*Réasúnú*

*Leis an ionstraim sin, ba cheart díriú ar thacaíocht a thabhairt go príomha do thairbhithe Eorpacha. D'fhéadfadh roinnt eisceachtaí a cheadú maidir le heintitis atá bunaithe i dtríú tíortha, chun tairbhe do FMBanna Eorpacha agus d'eagraíochtaí tomhaltóirí, ach ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis sin de réir an cháis.*

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Critéir mheastóireachta agus dhámhachtana | Meastóireacht |

*Réasúnú*

*Is amhlaidh nach dtagraíonn an tAirteagal ach don mheastóireacht.*

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| féadfaidh sé go bhfaighidh siad tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe, ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus nó ó Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal [67] de Rialachán (AE) XX [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus Airteagal [8] de Rialachán (AE) XX [maoiniú, bainistiú agus faireachán ar an gComhbheartas Talmhaíochta], ar choinníoll go mbíonn na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le cuspóirí an chláir lena mbaineann. Beidh feidhm ag rialacha an Chiste lena gcuirfear tacaíocht ar fáil. | féadfaidh sé go bhfaighidh siad tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe, ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus nó ó Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal [67] de Rialachán (AE) XX [Rialachán na bhForálacha Coiteanna] agus Airteagal [8] de Rialachán (AE) XX [maoiniú, bainistiú agus faireachán ar an gComhbheartas Talmhaíochta], ***nó Rialachán (AE) XX [lena mbunaítear an clár don Eoraip Dhigiteach] go háirithe an cuspóir maidir le hArdscileanna Digiteacha,*** [ar choinníoll go mbíonn na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir le cuspóirí an chláir lena mbaineann. Beidh feidhm ag rialacha an Chiste lena gcuirfear tacaíocht ar fáil. |

*Réasúnú*

*Ní mór an comhordú leis an gclár don Eoraip Dhigiteach a áirithiú chun straitéis chuimsitheach AE maidir leis na FMBanna a sholáthar.*

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena mbunófar na cláir oibre lena gcumhdófar gníomhaíochtaí COSME agus lena dtabharfar éifeacht don chuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b). Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21(2). Sa bhreis ar na heilimintí de mhír 1, áireofar an méid seo a leanas sa chlár oibre:*** |

| | |
|---|---|
| | ***(i) léiriú ar an méid arna leithdháileadh ar gach gníomhaíocht a bheidh le maoiniú;***<br>***(ii) amchlár táscach cur chun feidhme;***<br>***(iii) tagairtí do ghníomhaíochtaí eile ar leibhéal an Aontais atá á gcur chun feidhme agus arbh fhéidir gur díol spéise iad do FMBanna agus don líonra i gcreat clár nó gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais.***<br>***Déanfar an clár oibre agus na gníomhaíochtaí a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin gach pointe teagmhála an Líonra, i gcás ina mbeidh suíomhanna gréasáin den sórt sin ar fáil. Tá sé sin tábhachtach go háirithe maidir le gníomhaíochtaí a dhírítear ar FMBanna.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 b. Faoi dheireadh mhí Iúil 2021, ullmhóidh an Coimisiún Creat le haghaidh gníomhaíocht COSME a chur chun feidhme, ar creat é lena n-áireofar amchlár na gclár oibre agus glaonna, a n-ábhair agus maoiniú leithdháilte agus mionsonraí riachtanacha eile chun trédhearcacht agus intuarthacht do thréimhse iomlán an Chláir a chur ar fáil agus chun cáilíocht na dtionscadal a fheabhsú.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil sa dóigh agus go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta. | 1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil***, ach ar a laghad gach dhá bhliain,*** sa dóigh agus go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár a luaithe a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir. | 2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár a luaithe a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir, ***ar bhonn an fhaireacháin a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 20,*** ach tráth nach déanaí ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir. ***Áireofar léi freisin meastóireacht chuimsitheach ar na nósanna imeachta, na cuspóirí agus na critéir incháilitheachta maidir le tosaíochtaí na tréimhse leanúnaí cistithe. Bunaithe ar thorthaí na meastóireachta eatramhaí sin, molfar moltaí maidir le hathbhreithniú ar an gClár.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an | 1. ***Feidhmeoidh*** faighteoirí cistithe ón Aontas ***le trédhearcacht*** agus tabharfaidh siad aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí |

| | |
|---|---|
| pobal. | éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal ***ar an leibhéal áitiúil***. |

*Réasúnú*

*Ní mór torthaí an chláir a dhéanamh infheicthe laistigh de na pobail áitiúla chun feasacht a fheabhsú maidir le rannchuidiú an Aontais le folláine na sochaí Eorpaí.*

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – colún 2 – ró 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1 - Líon na FBManna a fhaigheann tacaíocht | 1 - Líon na FBManna a fhaigheann tacaíocht ***ón gclár agus ón Líonra.*** |
| 2 - Líon na gcomhlachtaí ar tacaíodh leo agus a bhfuil comhpháirtíochtaí gnó curtha i gcrích acu. | 2 - Líon na gcomhlachtaí ar tacaíodh leo agus a bhfuil comhpháirtíochtaí gnó curtha i gcrích acu. |
| | ***2a - Líon na bhfiontraithe atá ag baint tairbhe as scéimeanna meantóireachta agus soghluaisteachta*** |
| | ***2b - laghdú ama agus costais maidir le FMB a chur ar bun.*** |
| | ***2c - Líon na líonraí fiontar arna gcruthú i gcomparáid leis an mbonnlíne*** |
| | ***2d - Líon na mBallstát a úsáideann tástáil FBManna.*** |
| | ***2e - Ardú mór ar líon na mBallstát ina bhfuil ionad ilfhreastail do ghnólachtaí nuathionscanta.*** |
| | ***2f - Ardú ar chion na FBManna atá ag onnmhairiú agus ardú ar chion na FBManna atá ag onnmhairiú lasmuigh den Aontas i gcomparáid leis an mbonnlíne.*** |
| | ***2g - Ardú mór ar líon na mBallstát a chuireann réitigh fiontraíochta i bhfeidhm, ar réitigh iad lena ndírítear ar ábhar fiontraithe, ar fhiontraithe nua, ar fhiontraithe ban, agus ar spriocghrúpaí sonracha eile i gcomparáid leis an*** |

***mbonnlíne.***

***2h - Méadú ar líon na saoránach san Aontas ar mhaith leo a bheith féinfhostaithe i gcomparáid leis an mbonnlíne.***

***2i - Feidhmíocht FMBanna ó thaobh inbhuanaitheachta le tomhas inter alia i dtaca leis an méadú ar chion na FMBanna san Aontas atá tairgí agus seirbhísí inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm agus tairgí agus seirbhísí inbhuanaithe glasa á bhforbairt acu1a agus i dtaca leis an bhfeabhas a chuirfidh siad ar éifeachtúlacht fuinnimh (rud lena bhféadfar a áireamh fuinneamh, ábhair nó uisce, athchúrsáil, etc.) i gcomparáid leis an mbonnlíne.***

****gach táscaire le cur i gcomparáid leis an staid reatha in 2018.***

___________________

***[1a] Is táirgí agus seirbhísí a bhfuil príomhfheidhm acu an riosca don chomhshaol a laghdú agus truailliú a íoslaghdú agus úsáid acmhainní a íoslaghdú iad táirgí agus seirbhísí glasa. Áirítear leis sin freisin táirgí a bhfuil gnéithe comhshaoil acu (éicea-dheartha, éicilipéadaithe, a tháirgtear ar bhealach órgánach, agus lena bhfuil cion tábhachtach díobh athchúrsáilte). Foinse: Flash Eurobarometer 342, ", FBManna, Tíosach ar acmhainní agus na Margaí Glasa".***

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an Clár don mhargadh aonair, d’iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus don staidreamh Eorpach |
| **Tagairtí** | COM(2018)0441 – C8-0254/2018 – 2018/0231(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>14.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>14.6.2018 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 5.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Patrizia Toia<br>13.6.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 9.10.2018 5.11.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 3.12.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Zigmantas Balčytis, José Blanco López, Jonathan Bullock, Jerzy Buzek, Angelo Ciocca, Jakop Dalunde, Theresa Griffin, Hans-Olaf Henkel, Eva Kaili, Seán Kelly, Peter Kouroumbashev, Zdzisław Krasnodębski, Miapetra Kumpula-Natri, Janusz Lewandowski, Edouard Martin, Tilly Metz, Csaba Molnár, Angelika Niebler, Morten Helveg Petersen, Carolina Punset, Julia Reda, Paul Rübig, Massimiliano Salini, Sven Schulze, Neoklis Sylikiotis, Patrizia Toia, Vladimir Urutchev, Henna Virkkunen, Martina Werner, Lieve Wierinck, Anna Záborská, Flavio Zanonato |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pilar Ayuso, Michał Boni, Françoise Grossetête, Werner Langen, Marisa Matias, Luděk Niedermayer, Răzvan Popa, Giancarlo Scottà |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Renate Sommer |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 39 | + |
|---|---|
| ALDE | Morten Helveg Petersen, Carolina Punset, Lieve Wierinck |
| ECR | Hans-Olaf Henkel |
| ENF | Angelo Ciocca, Giancarlo Scottà |
| GUE/NGL | Marisa Matias, Neoklis Sylikiotis |
| PPE | Pilar Ayuso, Michał Boni, Jerzy Buzek, Françoise Grossetête, Seán Kelly, Werner Langen, Janusz Lewandowski, Angelika Niebler, Luděk Niedermayer, Paul Rübig, Massimiliano Salini, Sven Schulze, Renate Sommer, Vladimir Urutchev, Hermann Winkler, Anna Záborská |
| S&D | Zigmantas Balčytis, José Blanco López, Theresa Griffin, Eva Kaili, Peter Kouroumbashev, Miapetra Kumpula-Natri, Edouard Martin, Csaba Molnár, Răzvan Popa, Patrizia Toia, Martina Werner, Flavio Zanonato |
| VERTS/ALE | Jakop Dalunde, Tilly Metz, Julia Reda |

| 1 | - |
|---|---|
| EFDD | Jonathan Bullock |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Zdzisław Krasnodębski |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh